# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/57

Galway County Council Archives

GP2/57(1)

2 Céide Beechmount,
Cluain Sceach,
~~Déar~~ Dé Céadaoin

A Thomáis, a chara,

Chuir sé áthas orm do litir a fháil uait agus a chloisteáil go raibh tú go maith. Ní mó ná chugam féin atáimse fós, ach tá biseach ag breith orm i leaba a chéile áfach. Ní dheanaim mórán oibre. Ba é an Treallán úd m'éacht dheireannach. Deireann a lán daoine go bhfuil sé marbh ach is deacair an droch-rud a mharú.

Thug mé féin faoi deara nach mbíonn Connachtach ar bith san Irish Press anois. Níl aon Chonnachtach ach béaloideasúil is dóigh. Rud eile, níor mhian liom go mbeadh

~~AN LAONTAS EADAR-PHARLAIMINTEACH~~
~~INTER-PARLIAMENTARY UNION~~
~~CUALLACHT NA hÉIREANN~~
~~IRISH GROUP~~

~~TEACH LAIGHEAN~~
~~LEINSTER HOUSE~~
~~BAILE ATHA CLIATH~~
~~DUBLIN~~

aon Chonnachtach eile
ag scríobh Gaeilge ach é
féin. Intinn Mhic Ghrianna agus
an chuid eile acu!
Ní shílim go bhfuil baint
dhá laghad ag an alt sin agamsa
Saoin Focallán le thusa a
bheith saoi dhrámh aici. A
cuid dorlanna! Mheneodh an
~~[illegible]~~ bhean úd a luaigh tú
an gabra atá uirthi! Tá
Mac Aonghasa béalráiteach
go leor, ach níor thracht sé
~~air~~ ar an scéal sin aríamh
liomsa. Mar sin is é mo
bharúil nár thracht sé le
aon duine eile anseo i
mBaile Átha Cliath air. Ní
thaobhaíonn sé aon duine dá
lucht caidrimh sise ar

GP2/57(2)



aon chor. Tá an ghráin dhíothálach
aici air.
An rud a facthas dom
faoi "chomaoin" Mhic Ghrianna
ar an Trealláin gurb ag
soradh na ndaoine seo a
bhíos ag caint ar na Rusighe
a bhí sé, Mac Aonghasa, mo
léin etc. Ba bhocht mar
d'éirigh leis. Ní léir a chuid
scafóide beag ná mór anois.
Is beag nach scríobhann sé
an oiread anois leis an
scríbhneoir bisiúil údar
eile — Éamonn Ó Faoláin —
a scríobhas úrscéal
sa ló agus geamaireacht
Radio gach oíche.
Níl a fhios agam céard
is cor d'aon rud anois
móraon. Ní thaobhaím Tada.
Tá mé ar ais arist san

AN ~~tAONTAS EADAR-PHARLAIMINTEACH~~
~~INTER-PARLIAMENTARY UNION~~
CUA~~LLACHT NA hÉIREANN~~
~~IRISH GROUP~~

TEACH LAIGHEAN
~~LEINSTER HOUSE~~
BAILE ATHA CLIATH
~~DUBLIN~~

áit seo bíbán scríbhneoir bisiúil eile údar Pádraig Óg. Bhí mé sé mhí as obair.

Cloisim go bhfuil sraith mhór leabhar le theacht ó Sáirséal 7 Dill. Níl a fhios agam níos mó fútha ach go bhfuil píosa leis an bhFlaithbheartach ar an liosta. Bhí mé ag caint leis cupla lá ó shoin, rónnach Saoine leath-ascaill, leabhar nua-cheannaithe Rúiseach Saoin ascaill eile agus é ag dul abhaile. Ar mac céanna é i gcónaí! Ba bheag nár baineadh an tsúil as le buidéal briste a chaith bean leis

GP2/57(3)



cestáil ar aon duine. Níl a fhios agam cáid a chaithfeas mé a bheith amhlaidh ach is é an diabhal dearg críochnaithe é. Go sítí simarca tae ná lacht ar bith tá sin coiscthe ag orm agus ~~deo~~ mé ar dheochanna suain go síoraí! Fág leat do bharúil féin a bheith agat cé an sórt comhluadair mé anois!

* Labhair tú ar mhí-chuimhneas.

Má thagann aon Shonn ort teacht go Baile ~~Átha~~ Cliath aon uair beidh fáilte romhat d'aineoin pledge na Dry Ginger. Tá cheithre leaba agam anois!

Do bhuanchara,

Máirtín Ó Cadhain.

Iar Scr. Tá fear as Gaillimh — Savage — póiticéara é sclíne — tá eolas ag Mac Aonghasa air a thagas aniar gach seachtain sclíne agus a théas ar ais faoi cheann trí nó ceathair de laethanta.

AN TAONTAS EADAR-PHARLAIMINTEACH
INTER-PARLIAMENTARY UNION
CUALLACHT NA hÉIREANN
IRISH GROUP
TEACH LAIGHEAN
LEINSTER HOUSE
BAILE ATHA CLIATH
DUBLIN

in Uachtar Ard an Fómhar seo!
Tá flat breá faighte
aige 7 is cosúil go bhfuil
Saor Tíochas a dhéanamh
anseo go ceann tamaill.
Ní fhaca mé Máire ná
Treasa le seachtain. Is
dóigh go mbuailfidh siad
amach ar cuairt an
eicint go gairid.
Bhí mé féin sa Spidéal,
dhá lá le linn an
Chomhchaidriúch úd, cé
nár thaobhaigh mé iad.
Bhí féin scríobh chugat,
ach ~~x~~ marcaíocht á fháil
mé síos 7 aníos i gcarr.
Tá mé chomh tóir síos anois
— níl cead agam
mún ~~caps~~ cait féin, an
Dry Ginger — a ól —
agus gurbh fhearr liom gan